
Ar fáil **saor in aisce** sna trí paróistí: **Na Rosa • Gaoth Dobhair • Cloch Cheann Fhaola**

SAOR IN AISCE sna trí paróistí

# Goitse

Meán Fómhair 2010
Uimhir 4





## comórtas henrietta game

**Cóipeanna den EP úr leis an sárghrúpa an Henrietta Game le baint istigh!**



## ISTIGH



6: Brídín bogtha go sráidbhaile Ros na Rún



7: Fóram poiblí Ghuth na Gaeltachta


11: Blag na mbuatasí

12: Campa Samhraidh na Crannóige





15: An Crann Óg ar stáitse


16: **Spórt**


*Postannaí úra cruthaithe ag Foras na Gaeilge i nGaoth Dobhair . . . agus súil le tuilleadh amach anseo*

# Foras sa Chrannóg

Tá cúig phost úr cruthaithe sa Chrannóg i nGaoth Dobhair ag Foras na Gaeilge.

Thoisigh an cúigear ag tús na míosa seo agus, de réir Fhoras na Gaeilge, beidh níos mó ag teacht.

Dúirt urlabhraí leis an Fhoras go mbeidh siad ag tosú leis an chúig phost lánaimseartha ach go raibh súil acu cur leis an mhéid sin roimh dheireadh na bliana.

Is poist iad a bhaineann leis an Earnáil Phoiblí agus leis na hEalaíona.

Dúirt Ferdie Mac an Fhailigh le *Goitse* go raibh súil acu go mbeadh poist eile eagarthóireachta ag teacht chomh maith.

Dúirt sé fosta gur poist bhuana a bheadh iontu agus, cé gur fógraíodh an dílárnú tamall maith ó shin, go raibh sé ag tarlú anois nuair atá achan rud in áit.

"De réir a chéile a thógtar na caisleáin" a dúirt sé linn.

Ar ndóigh, tá lúcháir ar Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair gur éirigh leo na poist a mhealladh chuig an Chrannóg nuair a bhí barúil ag cuid mhaith daoine nach dtiocfadh na poist ar chor ar bith ó tharla an cúlú eacnamaíochta dhá bhliain ó shin.

Dúirt Cathal Ó Gallchóir, bainisteoir na Crannóige, go raibh achan duine sa Chomharchumann iontach sásta go raibh siad ábalta na poist a mhealladh, ní amháin chuig paróiste Ghaoth Dobhair, ach chuig an Chrannóg.



***Ferdie Mac an Fhailigh, Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge***

"Bhí ciorruithe anseo cheana féin agus tá daoine ag obair don Chomharchumann trí lá sa tseachtain in áit cúig lá de thairbhe ganntanas airgid ach seo deis anois againn an Comharchumann a choinneáil ag gabháil", a dúirt sé Dé Máirt.

Níl amhras ar bith ann ach go dtugann na poist úra aitheantas don obair atá déanta ag an Chomharchumann le blianta beaga anuas agus go dtabharfaidh siad méid áirithe faoisimh don eagraíocht nuair a tharlaíonn an chéad bhabhta eile ciorruithe sa chéad cháinfhaisnéis eile.




***Bhí rang na naíonán beaga Scoil Phádraig, Dobhar, i measc na bpáistí úra a chuir tús lena gcuid scolaíochta i scoileanna an cheantair an mhí seo.***

*Tuilleadh grianghraif ar leathanach 4*

# Cistin go Créafóg

*Taispeántas déanta muirín i gCill Ulta*

Bhí taispeántas déanta muirín ar siúl sna Tithe Gloine i gCill Ulta, Cloch Cheann Fhaola ar na mallaibh. Ceardlann eolais a bhí anseo le foghlaim faoi déanamh muirín as dramhaíl bhia ón chistineach. Mhínigh Cordelia Nic Fhearraigh agus Aoife Valley as an grúpa timpeallachta MEAS Iarthuaisceart an dóigh leis an méid dramhaíl a chuirtear sa bhosca brúscair sa bhaile a laghdú agus muirín deas a dhéanamh le cuir mar leas talaimh sa gharradh.

Bhí bocsaí/coimeádáin muirín de chuid na Comhairle Contae le díol fosta ar €13 an ceann.

Imeacht saor in aisce a bhí ann, eagraithe ag MEAS Iarthuaisceart, Gort a' Choirce, i gcomhar le Seán Ó Duibhir agus Tithe Gloine Chill Ulta a chur an t-ionad ar fáil. Bhí lá breá tirim ann agus scaifte deas páirteach sa taispeántas.

Má tá suim agat sa timpeallacht agus más mian leat bheith i do bhall de MEAS Iarthuaisceart tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.meas-it.com nó is féidir scairt a chur ar 087-6111524.



*Roinnt den scaifte a ghlac páirt san taispeántas déanta muirín a d'eagraigh MEAS i gCill Ulta*

# Léiriú le tabhairt do scoláirí ar Bhuntáiste Breise na Gaeilge


Reáchtálfar seimineár ar Bhuntáiste Breise na Gaeilge in Óstán An Mount Errigal i Leitir Ceanainn ar an 14 Deireadh Fómhair.

Tá an seimineár mar chuid de chamchuairt atá á reáchtáil ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge in ionaid éagsúla timpeall na tíre sa chéad tréimhse den scoilbhliain úr.

Tá na seimineáir seo dírithe ar dhaltaí iar-bhunscoile sna ranganna sinsearacha i meán-scoileanna ar fud na tíre. Le linn na seimineár pléifear na buntáistí breise a thugann an Ghaeilge duit agus tú ag dul i mbun do ghairm beatha.

I measc na n-aoichainteoirí a bheidh ag labhairt ag an ócáid i Leitir Ceanainn beidh craol-tóir RTÉ Raidió na Gaeltachta, Rónán Mac Aodha Bhuí chomh maith le réalt spóirt de chuid fhoireann peile Dhún na nGall fear Gaeltachta, Caoimhín Ó Casaide.

Ag labhairt freisin beidh an t-iriseoir nuachta Caoimhe Ni Chonchoille as Gaoth Dobhair. Labhróidh Loretta Ní Churr-aighín as Teileann, i bparóiste Gleann Cholm Cille, ach atá ag obair mar Fheidhmeannach le hOireachtas na Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus déan-



*Caoimhín Ó Casaide le léargas a thabhairt do mhic léinn ar Bhuntáiste na Gaeilge*

faidh Caitlín Uí Chochláin cur síos ar a cuid taithí féin agus í ag obair mar Chomhord-aitheoir Gaeilge le Comhairle Chontae Dhún na nGall.

Mar chuid den seimineár cuirfear fáilte roimh cheist-eanna agus tabharfar cuireadh do dhaltaí páirt a ghlacadh sa díospóireacht tar éis do na haoichainteoirí labhairt.

Beidh ionadaithe ó instit-iúidí tríú leibhéal i láthair freisin le seastán eolais, chun eolas a thabhairt do na daltaí scoile faoi na deiseanna oid-eachais atá ann dóibh trí mheán na Gaeilge.

Más spéis le do scoil páirt a ghlacadh sa seimineár, ba cheart teagmháil a dhéanamh go luath le Brígíd Ní Ghríofa, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 01 679 4780.










# Cruinniú poiblí i Leitir Ceanainn ar chiorruithe sna hotharlanna

## *Cuireadh tugtha d'ionadaithe na bpáirtithe móra lena gcás a mhíniú don phobal*

Tá cruinniú poiblí le bheith in Óstán Mount Errigal i Leitir Ceanainn le cúrsaí sláinte sa cheantar seo a phlé.

Tig an cruinniú, atá eagraithe ag an ghrúpa Caomhnaigh Seirbhísí Sláinte Dhún na nGall i ndiaidh an mhórshiúil mhóir a bhí acu fríd an bhaile mór ar 7 Lúnasa agus tá súil ag an ghrúpa go mbeidh scaifte mór i láthair.

Toisíonn an cruinniú ar 8.30in agus tá cuireadh ar na páirtithe móra polaitíochta uilig ionadaí a chur ar an ardán le cás s'acu a mhíniú maidir leis na ciorruithe atá beartaithe insna hotharlanna sa cheantar seo.

Dúirt Martin O'Rourke, duine de choiste eagraithe an chruinnithe, go raibh sé tábhachtach go gcluinfeadh na hionadaithe sin glór an phobail atá in éadan breis ciorruithe sna seirbhísí sláinte.

Dúirt sé fosta go raibh sé thar a bheith tábhachtach go gcluinfeadh na daoine caidé an tuairim a bhí ag na páirtithe seo mar go raibh sé tuartha go mbeadh fo-thoghchán againn san Earrach ar an bhliain seo chugainn.

Cé gur éirigh go maith leis an mhórshiúl fríd Leitir Ceanainn an mhí seo a chuaigh thart, tá bagairt go fóill ar na seirbhísí sláinte ar fud cheantar an Iarthair agus tá lucht eagraithe an chruinnithe ag súil go gcuirfidh siad níos mó brú ar an rialtas na bagairtí ciorruithe a tharraingt siar agus cuid den airgead atá ag dul chuig na bainc a dhíriú ar beatha a shábháil.



***Cabaret leictreach:*** *Mairéad Ní Mhaonaigh ag baint suilt as an Chabaret Craiceáilte a reáchtáladh sa bPuball Gaelach ag féile an Electric Picnic ar na mallaibh.*

## *Cúrsa Gaeilge sa Chrannóg*

**Beidh Cúrsa Gaeilge TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge) á reáchtáil ag Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ar feadh 20 seachtainí ag toiseacht ag tús mhí Dheireadh Fómhair.**

**Is féidir tuilleadh eolais ar fáil ón Chrannóg ag (074) 9532208.**

## Spriocdhátaí d'Oireachtas na Gaeilge

Is é Dé Céadaoin, 15 Meán Fómhair 2010, an spriocdháta iontrála le haghaidh Comórtais Ardáin an Oireachtais i mbliana. Tá comórtais ar chlár na féile do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, agus i gcás na gcomórtas do dhaoine óga tá trí aoisghrúpa - faoi 12 bliain d'aois, idir 12 agus 15 bliana, agus idir 15 agus 18 mbliana.

Tá clár leathan imeachtaí, chomh maith leis na comórtais seo, ar chlár na féile a bheidh ar siúl i gCill Airne, Co.Chiarraí, ó 27–31 Deireadh Fómhair 2010.

Gach eolas ó: Oifig an Oireachtais, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Is féidir scairt a chur ar 01 4753857 nó cuairt a thabhairt ar an suíomh www.antoireachtas.ie

# €250,000 curtha ar fáil do chiste thuillte 2009

## *Míshástacht sa cheantar de bharr mhoilleadóireacht na Comhairle*

Chuir polaiteoirí an cheantair seo uilig fáilte roimh an fhógra a d'eisigh Comhairle Contae Dhún na nGall go raibh siad ag cur €250,000 ar fáil le bail a chur ar an damáiste a rinneadh ag na tuilte i mí Meithimh anuraidh.

Fuair an Chomhairle an t-airgead ó Oifig na nOibreacha Poiblí le leasaithe a dhéanamh ar infrastruchtúr a ndearnadh damáiste air sna tuilte.

I measc na bhfiontar atá i gceist, tá dhá dhroichead ar An Seascain Bheag agus obair leasaithe ag Ard na gCeapairí, chomh maith le hobair ar dhíoganna ar fud an cheantair.

Ach tá daoine sa cheantar mí-shasta leis an mhoill atá ar an obair seo.

Tá sé coicís anois ó fógraíodh go raibh an t-airgead ar fáil agus níl iomrá ar bith ar an obair toiseacht.

Dúirt Comhairle na Contae go bhfuil siad ag obair ar chlár oibre agus go dtoiseoidh siad chomh luath agus is féidir.

Dúirt Brian Ó Domhnaill as Fianna Fáil gur chuir seisean fáilte roimh an airgead ach go raibh roinnt bóithre sa cheantar scriosta agus go raibh súil aige go mbeadh siad ábalta toiseacht láithreach.

Dúirt Dinny Mac Fhionnghaile as Fine Gael gur céim ar aghaidh sa treo ceart a bhí san airgead ach gur shíl se nach leor é agus nár dhírigh sé ar an bhunfhadhb sa cheantar thart ar shean-teach an phobail ar na Doirí Beaga.

Chuir Piaras Ó Dochartaigh as Sinn Féin fáilte roimh an airgead agus mhínigh go raibh fadhb ann maidir le maoiniú do obair ar na bóithre ag an Chomhairle.

De Máirt na seachtaine seo chugainn, foilseofar an liosta oibreacha atá beartaithe ag an Chomhairle don toghcheantar seo don trí bhliain atá romhainn.

Beidh ciste ann do rudaí tubaisteacha cosúil leis na tuillte anuraidh a tharlaíonn amach anseo ach caithfidh an Chomhairle Chontae cloí leis an liosta a chuireann siad isteach chuig an Roinn.

Mar sin de, má tharlaíonn a leithéid arís, beidh siad ag fanacht ar mhaoiniú ón rialtas i mBaile Átha Cliath.

Míníonn sé sin an mhoill ach an bhfuil sin maith go leor don phobal seo, agus do phobail eile ar fud na tíre?





comórtas henrietta game

Tá deis ag ár léitheoirí EP nua-eisithe leis an sárghrúpa an Henrietta Game a bhaint! Níl le déanamh ach ríomhphost le d'ainm agus seoladh a chur chuig goitsenuacht@gmail.com le go gcuirfidh d'ainm san áireamh sa chomórtas!

Goitse

# Eagarfhocal

## Caithfear éisteacht le Guth na Gaeltachta

Tig am i saol achan duine agus caithfidh tú rogha tábhachtach a dhéanamh.

Go minic, amharcann daoine siar ar roghanna a rinne siad nuair a bhí siad faoi bhrú agus bíonn díomá orthu agus fios acu dá mbeadh an rogha le déanamh arís acu, gur a mhalairt a dhéanfadh siad.

Déarfaidh na saineolaithe leat gurb é an rud a ba chóir do dhaoine déanamh nuair a tá rogha mar sin le déanamh ná suí siar ar feadh tamaill agus féacháil leis na himpleachtaí fadtéarmacha uilig a oibriú amach.

Tá ciall leis sin, ar ndóigh.

Má dhéanann tú rogha gan na fíricí uilig a bheith agat, tiocfaidh rud inteacht aniar aduaidh ort níos moille agus beidh brón ort.

Sin an fáth go bhfuil tábhacht ar leith leis an fheachtas atá ar bun ag Guth na Gaeltachta fá láthair.

Níl dabht ar bith ann ach go bhfuil brú fiánta ar an Ghaeilge sa Ghaeltacht.

*"Ní bheidh sa Ghaeilge ach mionteanga sna ceantracha Gaeltachta taobh istigh de 15 bliain muna ndéanfar rudaí práinneacha le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge sa Ghaeltacht."*

De réir an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sna Gaeltachtaí, ní bheidh sa Ghaeilge ach mionteanga sna ceantracha Gaeltachta taobh istigh de 15 bliana muna ndéantar rudaí práinneacha le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge sa Ghaeltacht.

Sin rogha tábhachtach atá déanta ag na teaghlaigh sin agus, gan iad, ní bheadh Gaeltacht ann.

Chuir an Dáil Comhchoiste ar bun leis an cheist seo agus an straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a phlé agus ghlac siad le cuid mhaith de na moltaí a rinne an Staidéar Cuimsitheach.

Ach tá tuarascáil eile á scrúdú ag an rialtas.

De réir Thuarascáil na Roinne Airgeadais ar Chaiteachas Caipitil 2010-2016, beidh laghdú 71.4% ar chaiteachas Roinn na Gaeltachta agus beidh maolú ar dhualgaisí Údarás na Gaeltachta.

Tá an dá thuarascáil ag teacht salach ar a chéile agus tá rogha le déanamh ag an rialtas.

Ar ndóigh, deir siad gur sin an fáth go bhfuil an rialtas ann – le cinneadh deacair mar sin a dhéanamh.

Mar sin féin, tá sé deacair bheith dóchasach go ndéanfaidh siad an rogha ceart an t-am seo.

Go dtí seo, bhí siad sásta airgead a thabhairt do na bainc, go háirithe Anglo Irish, am ar bith a d'iarr siad é agus ag an am céanna ag inse dúinn nach mbeadh na seirbhísí céanna againn agus ag cur tobhach pinsin ar na státseirbhísigh.

Bhí ag muintir na contae seo dul amach ar shráideanna Leitir Ceanainn ina mílte le teachtaireacht a thabhairt don rialtas nach raibh muid sásta leis na ciorruithe atá beartaithe sna seirbhísí sláinte.

Beidh le feiceáil ar éirigh leis an fheachtas sin ach tá sé soiléir go bhfuil gá le feachtas le brú a chur ar an rialtas an rogha ceart a dhéanamh nuair a phléann siad an Ghaeltacht ag cruinnithe comh-aireachta i dTeach Laighean.

Mar tá rud amháin cinnte; má dhéanann siad an rogha contráilte, níl gabháil siar ar bith air.

## Goitse bomaite!

**Tá fáilte romhaibh ar ais chuig leathanaigh Goitse. Mar a tchídh tú, d'athruigh muid rudaí le linn sos an tsamhraidh. Tá an nuachtán ar fáil saor in aisce anois.**

**Dá thairbhe sin, beidh *Goitse* anois ar fáil in áiteacha eile seachas siopaí. Beidh muid ag iarraidh é a chur isteach in Ionaid Phobail, ag na dochtúirí, fríd caiféanna agus áit ar bith ina mbíonn daoine ag iarraidh páipéar nuachta a léamh.**

**Tá muid ag déanamh seo le léitheoireacht níos leithne a mhealladh chuig an pháipéar.**

**Ar an drochuair, caithfidh muid costaisí síntiúis a ghearradh go fóill ar na daoine a gheibh Goitse fríd an phost.**

**Chomh maith leis sin, tabharfaidh sibh fá deara go bhfuil fógraí rangaithe ar fáil anois sa pháipéar.**

**Beidh siad sin ar fáil saor in aisce do dhaoine aonair a bhfuil rud inteacht le díol nó seirbhís bheag le tairscint agus beidh praghas réasúnta ar fáil fá choinne fógraí ó ghnónna fosta sa rannóg sin. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a chur chuig goitsenuacht@gmail.com.**

**Tá muid iontach buíoch daoibhse, na léitheoirí agus do na daoine a thug tacaíocht dúinn le fógraí agus cuidiú eile thar an tréimhse seo. Choinnigh sibh ag gabháil muid.**

**goitsenuacht@gmail.com**

## "Ó is maith liom dul ar scoil . . ."




*Naíonáin bheaga, Scoil Phádraig, Dobhar, lena máistreás Eileen Nic Suibhne*



*Naíonáin bheaga, Scoil Chaiseal na gCorr*



*Naíonáin bheaga, Scoil Oilbhéir Pluincéid, Rann na Feirste*

**Fáiltíonn Goitse roimh scéalta nuachta agus grianghraif ón phobal. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag goitsenuacht@gmail.com**

OÉ Gaillimh
NUI Galway

# Déan cúrsa tríú leibhéal i nGaoth Dobhair




## Cúrsaí Lánaimseartha

### BA (Riarachán Gnó)

Cúrsa céime ceithre bliana atá á reáchtáil i gcomhar le LYIT. Aitheanta ag an Chomhairle Mhúinteoireachta. Is féidir Bliain 3 a chaitheamh ag staidéar thar lear nó ar thaithí oibre le comhlacht in Éirinn. Beidh neart deiseanna fostaíochta ar fáil do chéimithe dátheangacha sa réimse seo sna blianta amach romhainn.

### Dioplóma i Scileanna Teilifíse

Cúrsa praiticiúil leis an trealamh is nua-aimseartha in úsáid. Deiseanna maithe fostaíochta ar fáil do chéimithe i gcomhlachtaí ar nós: Ros na Rún, TG4, RTÉ, BBC.

### Dioplóma sa Ríomhaireacht don Riarachán Gnó

Dírithe ar dhaoine ar mian leo cur lena gcuid scileanna ríomhaireachta, rud a chuirfidh go mór lena ndeiseanna fostaíochta.

## Cúrsaí Páirtaimseartha

(Oíche amháin sa tseachtain)

### Dioplóma i Scileanna Aistriúcháin

Dírithe ar dhaoine a bhfuil Gaeilge mhaith acu agus ar mian leo ardchruinneas scríofa a bhaint amach. Tá deiseanna maithe fostaíochta ar fáil anois d'aistritheoirí gairmiúla in Éirinn agus thar lear mar aon le deiseanna féinfhostaíochta den scoth.

### Dioplóma sa Ghaeilge (C1)

Dírithe ar dhaoine ar mian leo snas a chur ar a gcuid Gaeilge, idir scríofa agus labhartha.

Tuilleadh eolais ó:
Ionad an Acadaimh, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall
Guthán: (074) 9531919
Ríomhphost: gaothdobhair@eircom.net
Idirlíon: www.acadamh.ie

ACADAMH na hOllscolaíochta Gaeilge

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10



*Céad ócáid oifigiúil an Mhéara:* Is é Méara na Rosann Seán Mac Ruairí a bhronn duaiseanna ar pháistí Champa Samhraidh Rann na Feirste. Ag tabhairt lámh chúnta don Mhéara sa ghrianghraf thuas tá Nóirín Ní Dhochartaigh agus Caitlín Nóra Frank, beirt de na stiúrthóirí ar an Champa Samhraidh.

# Campaí Samhraidh Rann na Feirste

*Bríd Anna Ní Bhaoill*

Bhí ceithre seachtainí iontacha ag na páistí uilig a ghlac páirt i gcampaí samhraidh Chlub Óige Rann na Feirsde ón 5ú Iúil go dti an 13 Lúnasa in Áislann Rann na Feirsde. D'éirigh thar barr leis na campaí samhraidh. Bhí páistí ó ar fud na Rosann, Gaoth Dobhair, Carn Tochar i nDoire, An Cabhán, Ard Mhacha is Glaschú na hAlban i láthair. Bhí na imeachtaí déanta trí mheán na Gaeilge. Bhí 130 páiste páirteach thar na ceithre seachtainí. Bhí na campaí á stiúradh ag Bríd Anna Ní Bhaoill, Nóirín Ní Dhochartaigh agus Fiona Nic Ghairbheith. Tá na stiurthóirí fíor-bhuíoch do achan duine a chuidigh leo agus do choiste Áislann Rann na Feirsde mar bhí áit ar dóigh acu leis na campaí a eagrú.

Rinneadh go leor thar na ceithre seachtainí: spórt, ceol, damhsa, cluichí, siúlóidí agus drámaíochta. Cuireadh críoch leis na campaí ar 13 Lúnasa le cóisir mhór agus cóiriú bréige. Chuir na páistí dráma galánta ar an ardán chomh maith.

Bhí aoi speisialta i láthair an lá sin, Méara na Rosann 2010 Seán mac Ruairí. Bhronn sé na duaiseanna ar na páistí. Ba seo an chéad ócáid oifigiúil ag Seán agus tá club Óige Rann na Feirsde fíor-bhuíoch dó agus do gach duine a chuidigh ar dhóigh amháin na ar dhóigh eile.

# Ó stáitse Ghaoth Dobhair go sráidbhaile Ros na Rún



Tá páirt sa tsobaldhráma Ros na Rún ar TG4 bainte amach ag girseach as Gaoth Dobhair.

Beidh Brídín Ní Mhaoldomhnaigh ag toiseacht ina ról mar Katy Brídín, iníon le John Joe Daly.

Bhí comórtas ag na léiritheoirí don pháirt níos luaithe i mbliana agus fuair na haisteoirí cuidiú do na héisteachtaí ó Gavin Ó Fearraigh, a raibh páirt aige ar feadh tréimhse fada sa chlár céanna.

Dúirt Brídín, a bhfuil tréan taithí aici ar an ardán le hAisteoirí Ghaoth Dobhair, go bhfuil lúcháir uirthi go bhfuair sí an phairt agus go bhfuil sí ag súil go mór le toiseacht ar an chéad shraith eile de Ros na Rún nuair a thig siad ar ais le chéile le dul i mbun taifeadadh an mhí seo chugainn.

Ta páirt John Joe ag Niall Mac Eachmharcaigh as Rann na Feirste agus ta Brídín ag súil go mór le bheith ag obair leis ar an chlár.

Ach ní seo an chéad uair a bhí Brídín ar an teilifís. Beidh glór s'aici le cluinstin ar chlár úr ar Mháire an Chlocháin Leith a rinne Scannáin Lugh agus a bheas ar TG4 an mhí seo.

Ní amháin go bhfuil Brídín ag toiseacht ar an tsraith an mhí seo chugainn, ach beidh sí ag cur tús le cúrsa staidéir fá choinne céim i Léann Amharclainne in Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

Deir Brídín go bhfuil sí ag brionglóidigh air seo ó bhí sí ceithre bhliain d'aois agus go bhfuil sé deacair aici go fóill creidbheáil go bhfuil an pháirt aici.

Chomh maith leis an aisteoireacht, bíonn Brídín ag bualadh ceoil leis an ghrúpa An Crann Óg agus ag scríobh.

*Brídín Ní Mhaoldomhnaigh ag toiseacht ina ról mar Katy Brídín sa tsraith úr den sobaldhráma Ros na Rún*

Glac síntiús poist le

Goitse

12 eagráin seolta chugat sa phost ar €40

Tuilleadh eolais ar fáil ach ríomhphost a sheoladh chugainn ag goitsenuacht@gmail.com

# Seanphaidreacha dúchasacha le heisiúnt ar dhlúthdhiosca

Nuair a tháinig an liotúirge úr isteach san Eaglais Chaitliceach, shíl daoine go mbeadh deireadh leis na seanphaidreacha dúchasacha a bhíodh ag na Gaeil.

Sin, ar ndóigh, an rud a tharla, ach tá dlúthdhiosca úr le teacht amach roimh dheireadh na bliana a choinneoidh na seanphaidreacha i gcuimhne na ndaoine.

Tá Bríd Anna Ní Bhaoill as Rann na Feirste ag ullmhú an dlúthdhiosca i gcomhar le Conchúr Ó hAirle agus foireann Raidió na Gaeltachta ar an Screabán le tamall anuas agus dúirt sí le *Goitse* go raibh siad ag súil le é bheith críoch-naithe roimh dheireadh na bliana.

Beidh 58 píosa ar an dlúthdhiosca ach ní paidreacha uilig a bheas air. Beidh roinnt filíochta agus scéalta beaga le cluinstin fosta.

Rachaidh brabach ar bith ón dlúthdhiosca chuig Club Óige agus Áislann Rann na Feirste agus tá Bríd Anna ag súil go mbeidh an láinseáil oifigiúil i Rann na Feirste i mí na Nollag.

# Cáineadh láidir déanta ar chiorruithe atá molta don Ghaeilge agus don Ghaeltacht

*Pléadh na himpleachtaí tromchúiseacha a bheas ag* Tuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge *agus* Tuarascáil na Roinne Airgidis ar Chaiteachas Caiptil 2010-2016 *ar thodhchaí na Gaeilge agus na Gaeltachta ag fóram poiblí a reáchtáladh i nGaoth Dobhair ar na mallaibh.*

Thionóil Guth na Gaeltachta fóram poiblí ar na mallaibh sa Chrannóg i nGaoth Dobhair le plé agus díospóireacht a spreagadh fan dá thuarascáil mhór a foilsíodh le déanaí a mbeidh impleachtaí tromchúiseacha acu do thodhchaí na Gaeilge agus na Gaeltachta. Bhí thart fá dhá scór duine i láthair ag an chruinniú, ionadaithe ó ghrúpaí éagsúla pobail ó cheantair Ghaeltachta Thír Chonaill, na meáin, an Seanadóir Piaras Ó Dochartaigh, ionadaithe ó Chonradh na Gaeilge agus daoine aonair eile a bhí ag iarraidh a bheith ar an eolas faoi phríomhphointí na dtuarascálacha.

Bhí ardmholadh ag a raibh i láthair don tuarascáil a d'fhoilsigh an comhchoiste Oireachtais maidir leis an straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Is léir gur éist siad go cúramach le tuairimí na bpobail Ghaeltachta agus gur ghlac siad leis na moltaí a cuireadh chun tosaigh. Tá 39 moladh ar fad sa tuarascáil agus áthas ar Ghuth na Gaeltachta gur glacadh leis na príomh-mholtaí a chuir siad féin san aighneacht a cuireadh i láthair an chomhchoiste. Siad sin:

1. **Géarchéim inmharthanachta na Gaeltachta a aithint sa Straitéis agus Spriocanna ar leith do mhéadú ar líon na gcainteoirí dúchais sa Ghaeltacht a aithint agus a chur i bhfeidhm.**
2. **Forbairt gheilleagair agus bhonneagair na Gaeltachta a fhágáil mar phríomhchúram ag Údarás na Gaeltachta/na Gaeilge nua.**
3. **An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a athbhunú mar fhoras reachtúil agus iad a chur i mbun polasaithe oideachais don Ghaeltacht agus do Ghaelscoileanna.**
4. **Polasaí náisiúnta a chosnóidh agus a leathnóidh an tumoideachas i naíonraí agus i mbunscoileanna sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht a chur i bhfeidhm.**
5. **Dearbhú a chur sa Straitéis nach mbainfidh polasaí dátheangachais leis an nGaeltacht agus nach gcuirfear i bhfeidhm sa Ghaeltacht é.**
6. **Dearbhú a chur sa Straitéis go mbeidh Ionad Tacaíochta Teaghlaigh lonnaithe i ngach mórphobal Gaeltachta.**

Rachaidh an dréacht seo den straitéis os comhair na Dála agus an Seanad í mí Mheán Fómhair.

A mhalairt ar fad d'fháilte a fuair an dara thuarascáil a pléadh. Cháin a raibh i láthair Tuarascáil na Roinne Airgidis ar Chaiteachas Caiptil 2010-2016 maidir leis an maoiniú atá leagtha síos don Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. *(Féach tábla)*

Go bunúsach tá laghdú de 71.4% beartaithe do chaiteachas caipitil na roinne agus is doiligh a fheiceáil cén dóigh a dtiocfadh le rannóg rialtais ar bith gníomhú go praicticiúil le maoiniú chomh híseal sin. Caithfear a thabhairt san áireamh fosta gur 26.4% an meán laghdú atá beartaithe do na rannóga rialtais eile thar an tréimhse seo agus go bhfuil ciorradh mór déanta cheana féin ar bhuiséad na Roinne ó 2008 (€149m go €105m) laghdú de 29.5%. Tá sé soiléir mar sin go bhfuil buile thubaisteach i ndán don Ghaeltacht agus don Ghaeilge má chlaoitear le plean caiteachais na Roinne Airgeadais. Ní fheadfaí an straitéis fiche bliain a chur i bhfeidhm leis an sórt seo maoiniú agus is féidir a rá go mbeadh deireadh go praicticiúil le hÚdarás na Gaeltachta agus le Roinn na Gaeltachta. Tá seo ag teacht salach go hiomlán ar an ról lárnach atá molta sa straitéis don Údarás le breis cúramaí agus freagrachtaí beartaithe.




**"Ní thig linn fanacht go dtiocfaidh biseach ar chúrsaí eacnamaíochta má tá sé beartaithe an Ghaeilge agus an Ghaeltacht a shlánú."**

| Maoiniú atá leagtha síos don Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta do na blianta 2010-2016 | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
| €105m | €86m | €86m | €86m | €40m | €30m | €30m |

Tá sé ráite sa tuarascáil seo go mbeadh maoiniú ar fáil do thograí áirithe sna ceantaireacha Gaeltachta ach go láimhseálfar an phróiséas maoinithe ag an rannóg a pléann le príomhghníomhaíocht an togra. Ciallaíonn seo mar shampla dá mbeifí ag iarraidh ionad cúram seandaoine a thógáil i gceantar Gaeltachta go gcaithfidh dul fríd an Roinn Sláinte in áit déileáil leis an Roinn Gnóthaí Pobail Comhionnanais agus Gaeltachta. D'aontaigh a raibh i láthair gur céim iontach chun cúil a bheadh anseo mar go bhfuil taithí agus eolas ag an Roinn Gaeltachta ar riachtanais ar leith na Gaeltachta ó bheith ag déileáil le cúrsaí Gaeltachta le cúpla scór bliana.

Glacadh leis go bhfuil an tír i ndrochstaid eacnamaíochta agus nach féidir a shéanadh go gcaithfear ciorruithe a bheith ann ach tá na figiúirí atá leagtha síos míchothrom agus gan chiall. Tuarann an Staidéar Cuimsítheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sna Gaeltachtaí nach bhfuil ach 15 bliana nó scór bliana de shaolré fágtha ag an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh. Dá bhrí sin ní thig linn fanacht go dtiocfaidh biseach ar chúrsaí eacnamaíochta má tá sé beartaithe an Ghaeilge agus an Ghaeltacht a shlánú. Caithfear moltaí na straitéise a chuir i bhfeidhm ina n-iomlán agus gan aon mhoill.

Tá seans ann nach bhfuil tuarascáil na Roinne Airgeadais pléite mar is ceart ag an rialtas go háirithe maidir le dáiliú an maoiniú caiteachais ar na rannóga áirithe. Seachtain sular fógraíodh í, bhí brú iontach á chuir ar rialtas na tíre seo ó Bhanc Cheannais na hEorpa agus ó na margaí airgeadais, a thaispeáint go soiléir cén plean a bhí acu le smacht a chuir ar fhiacha na tíre agus an t-easnamh buiséad a laghdú ó 16% go dtí 4% de GDP roimh 2016, mar atá dlite do gach tír sa Chomhphobal Eorpach. Más fíor ní bheidh athrú ar bith ar an bhfigiúr iomlán caiteachais ach d'fhéadfaí athruithe a dhéanamh ar an dóigh a dháileofar an chiste.

Cíbe is amhlaidh tá sé tábhachtach anois brú a chur ar an rialtas le cinntiú go mbeidh cúrsaí Gaeltachta go huile agus go hiomlán faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Pobail Comhionnanais agus Gaeltachta agus go mbeidh an maoiniú ceart ar fáil le moltaí na straitéise a chur i bhfeidhm. Caithfear moladh mór a thabhairt don chomhchoiste a chuir moltaí den scoth ar aghaidh don dréacht deireanach den straitéis agus tacaíocht a thabhairt dóibh nuair a phléitear í os comhair na Dála agus sa Seanad gan mhoill.

Ábhair dóchais an litir a sheol an tAire Éamon Ó Cuív mar fhreagra ar litir oscailte Dhonncha Uí Éallaithe i bh*Foinse* inar scríobh sé "*Beidh an rialtas ag plé moltaí an chomhchoiste Oireachtais i leith na straitéise san Fhómhar agus ansin déanfar cinneadh maidir leis an maoiniú a theastóidh leis an straitéis a chur i bhfeidhm — maoiniú Údarás na Gaeltachta san áireamh. Tiocfaidh an maoiniú ón státchiste*".

Tá sé ar intinn ag Guth na Gaeltachta brú a choinneáil ar na polaiteoraí lena chinntiú go mbeidh sin amhlaidh agus tá siad ag iarraidh ar ghrúpaí pobail eile agus an pobal go ginearálta an rud céanna a dhéanamh.

*Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar fheachtas Guth na Gaeltachta ag an suíomh idirlín* ***www.guthnag.com***



Emma Ní Fhuaruisce ó na Iconics ar stáitse leis an Henrietta Game ag an Chabaret Chraiceáilte i dTigh Hiúdaí an mhí seo caite.

# Breithlá an-sona ag an Chabaret Craiceáilte!

Bhí breithlá iontach ag an Chabaret Craiceáilte i dTeach Hiúdaí Beag i nGaoth Dobhair ar an 28 Lúnasa.

Tá sé dhá bhliain ó chuir Rónán Mac Aodha Bhuí tús leis na hoícheanta ceoil agus tá siad imithe ó neart go neart ó shin.

I láthair ag an chabaret, bhí Doimnic Mac Giolla Bhríde, Bríd Ní Icí agus Liam Mac Giolla Bhríde, chomh maith le Emma Ní Thuairisc agus Cormac Ó Mórdha. Rinne Emma tionlacan do Majella agus Lisa Nic Pháidín agus bhí sí ar an ardán ar feadh tamaill le haoi-cheoltóirí na hoíche, an Henrietta Game as Baile Átha Cliath.

Is cairde móra leis an Chabaret an Henrietta Game agus bhí siad ag bualadh fosta sa Phuball Gaelach leis na ceoltóirí rialta eile mar chuid den Electric Picnic ag deireadh na seachtaine seo a chuaigh thart.

Tá dlúthdhiosca dá gcuid le baint ag triúr léitheoirí sa chomórtas ar leathanach a 3 den eagrán seo.

Ar ndóigh, beidh an Cabaret ar ais linn ag deireadh na míosa seo muna dtarlaíonn rud inteacht iontach níos luaithe!



Áine, Máire agus Colma Nic Niallais ag baint suilt as an Chabaret






Baill an Henrietta Game ag an Chabaret: Christy Leech, Judy MacNamara, Aongus Mac Amhlaigh, Aisling O Connor






**Lucht féachana Craiceáilte:** *Cuid den scaifte ag d'fhreastal ar Chabaret mhí Lúnasa i dTigh Hiúdaí Bhig*







**Ar stáitse an Chabaret:** *Bríd Ní Icí, Liam Mac Giolla Bhríde, Majella Nic Pháidín, Lisa Nic Pháidín agus Doimnic Mac Giolla Bhríde*

# Ceiliúradh ar shaibhreas chultúrtha an cheantair

Tá clú agus cáil idirnáisiúnta bainte amach ag ceoltóirí agus amhránaithe traidisiúnta Thír Chonaill ar fud na cruinne. Ní haon ábhar iontais, mar sin, go bhfuil béim mhór curtha ar an gceol agus ar an amhránaíocht i gclár na n-imeachtaí don Oíche Chultúir i nGaeltacht Dhún na nGall.

Tá imeachtaí ceoil agus amhránaíochta eagraithe ar Oileán Thoraí, i nGaoth Dobhair, i gCill Chartha, sna Cruacha agus i nGleann Cholm Cille.

Cuirfear cuid na na hocáidí seo i láthair in áiteanna agus ar bhealaí neamhghnáth. Mar shampla, tá flash mob ceoil traidisiúnta eagraithe ag Scoil Ceoil Frankie Kennedy i nGaoth Dobhair. Beidh an Cabaret Craiceáilte ar siúil chomh maith le Rónán Mac Aodha Bhuí ag cur scoth den cheol comhaimseartha i láthair mar aon le imeachtaí ildánacha de gach chineál.

Is ceantar fíor láidir í nGaeltacht Dhún na nGall ó thaobh na físealaíne freisin. Tá ceithre bharrionad físealaíne sa cheantar agus beidh siad uilig oscailte ar an Oíche Chultúir. Lena chois sin, tá ocht dtaispeántas ar ardchaighdeán ar siúl ar an oíche. Ina measc, eagrófar turas bus thart ar Chloch Cheann Fhaola.

Tabharfar cuairt ar láthair neamhghháth cosúil leis an bportach nó seanfhothrach ait a mbeidh theilgin físealaíne ealaíonta le feiceáil. Beidh na híomhanna cumasacha seo cruthaithe ag Bill Viola, físealaíontóir atá cáil idirnáisiúnta bainte amach aige.

Beidh neart imeachtaí eile ar siúl i nDún na nGall – oíche liteartha leis An Ciorcal Scríbhneoireachta agus oíche filíochta i nDámhlann na Gleanna agus oíche scéalaíochta le na seanchaithe traisisiúnta deireanacha sa chontae ar siúl i nGaoth Dobhair.



**Saibhreas na Farraige – turas cultúrtha ar thrá Charraigh Finne agus an cheantair thart air**

Eagrófar siúlóid ó thrá Charraig Finne go Rann na Máirte i gcomhluadar Séamus Ó Dubhthaigh as na Rosa, mar chuid de Oiche Chultúir 2010. Tosóidh an tsiúlóid ag an gcarrchlós ar thrá na Carraig Finne ag a 10 r.n. Roinnfear eolas ar thimpeallacht, ar stair agus ar dhinnsheanchas an cheantair le linn an turais, mar aon le eolas ar shaol na mara. Baileofear feamainn agus bia mara agus beidh deis ag na rannpháirtithe é a bhlaiseadh i ndiaidh na siúlóide i dteach táibhairne Uí Chnáimhsí!

## Imeachtaí áitiúla Oíche Chultúir 2010

**Léargas ar Ghaeltacht Thír Chonaill - Taispeántas Grianghrafadóireachta le Marjorie Doohan**
*Ionad Bhalor – Ionad Ceardaíochta agus Ealaín, Oileán Thoraí 7 i.n.*
Déantar iniúchadh ar thírdhreách agus ar thimpeallacht Thír Chonaill sna ghrianghrafanna galánta seo leis an fhísealaíontóir Conallach, Marjorie Doohan.

**Seoda ceoil agus amhránaíocht as Toraigh**
*Coiste Sóisialta agus Cultúrtha, Oileán Thoraí. 9.00 i.n. go déanach*
Baileoidh ceoltóirí agus amhránaithe an oileáin le chéile le blas a thabhairt don phobal ar shaibhreas ceoil agus cultúir an oileáin.

**'Ceiliúradh ar Chultúr na gCóstaí Ceilteacha' Taispeántas il-ealaine**
*Ionad Pobail Mullach Dubh (an tSeanscoil) 7.00 i.n ar aghaidh*
Oscailt oifigiúil ar an taispeántas físealaíne 'Ceiliúradh ar Chultúr na gCóstaí Ceilteacha' leis an ghrúpa físealaíne DEW. Péintéireacht, ceirmeacht, seodóireacht, potadóireacht, ceardaíocht agus réimsí ealaíne eile. Ceol agus sóláistí ar an oíche.

**Saibhreas na Farraige – turas culturtha ar thrá Charraigh Finne agus an cheantair thart air.**
*Carrchlós ar thrá na Carraige Finne. 10.00 r.n.*
Siúlóid ó thrá Charraig Finne go Rann na Máirte i gcomhluadar Séamus Ó Dubhthaigh as na Rosa. Eolas ar thimpeallacht, ar stair agus ar dhinnsheanchas an cheantair, mar aon le eolas ar shaol na mara. Baileofear feamainn agus bia mara agus beidh deis ag na rannpháirtithe é a bhlaiseadh i ndiaidh na siúlóide i dteach táibhairne Uí Chnáimhsí!

**Ó Bheál go Béal – oíche scéalaíochta agus airneáin le seanchaithe Thír Chonaill**
*Scoil Mhín na Mánrach, An Clochán Liath. 8.00 i.n.*
Oíche i gcuideachta na seanlaochra scéalaíochta as Tír Chonaill, na seanchaithe deireanacha atá ag iompar tradisiúin shaibhir.

**Flash Mob ceoil – Seisiún ceoil traidisiúnta le Scoil Cheoil Frankie Kennedy**
*Gaoth Dobhair 9.00 i.n.*
Bí ar aire! Buailfidh cuid de na ceoltóirí traidisiúnta as Tír Chonaill ceol den chéad scoth i láthair éigean i gcroi lár Ghaoth Dobhair.

**Ceol, filíocht, ealaín agus amhránaíocht leis An Ciorcal Scríbhneoireachta agus An Clachán**
*An Clachán, Dámhlann, Ceardlann agus Ionad Ealaíne, Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair. 7 – 11 i.n.*
Seoladh an thaispeántas físealaíne agus ceirmigh leis an ealaíontóir, Christy Keeney. Léamh filíochta le baill den Chiorcal Scríbhneoireachta fite fuaite le ceol agus amhránaíocht den chéad scoth ó Ghaeltacht Thír Chonaill.

**An N56 ón Aer Taispeántas grianghrafadóir-eachta le Declan Doherty**
*An Gailearaí, An Fál Carrach 8.00 i.n.*
Léargas ón aer agus súil eile ar an N56, an príomhbhothár a shníomhann fríd Chontae Dhún na nGall. Curtha i láthair ag An Ghailearaí i gcomhar leis an Oifig Ealaíon Poilbí, Comhairle Chontae Dhún na nGall.

**Turas Bus Mistéireach & Draíochta le Bill Viola**
*Ag fágáil An Gailearaí, An Fál Carrach ag 9.30 i.n.*
Turas mistéireach fríd cheantair Chloch Cheann Fhaola ar thóir chúig phíosa físeáin/físealaíne leis an ealaíontóir iomráiteach, Bill Viola. Píosaí móra físealaíne le feiceáil i láithreacha neamhghnácha.

**Cuisle – Taispeántas Físealaíne**
*Óstán Radharc na Mara, Gaoth Dobhair 7 i.n.*
Cuirfidh an grúpa ealaíne Cuisle, (18 físealaíontóirí as Gaeltacht Thír Chonaill), taispeántas ghrianghrafanna, seodóireacht, ealaín gloine, fíodóireachta agus réimsí eile ealaíne ar thaispeántas.

**Ceol na gCruach – Blaiseadh de shaibhreas cheol na gCruach**
*Glen Tavern, An Grianán, na Gleannta 9.00 i.n*
Deis iontach don phobal traidisiún saibhir an cheoil atá le fáil i gceantar na gCruach a bhlaiseadh i gcroí lár na gCruach. Leis na Campbells agus laochra ceoil eile ón cheantar.

**Ceol as Cill Chartha**
*Ionad éagsúla i gCill Chartha, 9.00 i.n*
Cuireann Coiste Turasóireachta Chill Chartha scoth den cheol traidisiúnta agus comhaimseartha ar siúl in ionaid éagsúla i gCill Chartha.

**Taispeántas Mhadgie Hughie Eoghan - Cló Ceardlann na gCnoc**
*Cló, Mín a Leá, Gort a' Choirce. 8.00 i.n - 11.00 i.n*
Seoladh thaispeántas Mhadgie Hughie Eoghan. Cuirfear saothar leis na físealaíontóirí Gaeltachta a ghlac páirt i scéim ealaíontóir cónaithe idirnáisiúnta Mhadgie Hughie Eoin thar na blianta ar taispeáint. Is iad seo a leanas na healaíontóirí, Kevin Mc Gee, Caitlín Ní Ghallchóir, Bernadette Cotter, Aoife Mc Garrigle agus Marjorie Doohan.

**"Ag eitilt leis na héin" – Ealaíon Suiteála le Jane Talbot**
*Na Dúnaibh. 6.00 i.n ar aghaidh.*
Tuirlingeoidh ealta éan ar láthair sa Dúnaibh, idir fhaoileáin, ghainéid, lachain agus cholmáin. Ealaíon suiteála cruthaithe ag an físealaíontóir radachach as na Dúnaibh, Jane Talbot.

**An Cabaret Craiceáilte, Gaoth Dobhair**
*Tigh Hiúdaí Bhig, Gaoth Dobhair, 10.00 i.n ar aghaidh.*
Cuireann Rónán Mac a Bhuí an Cabaret cáiliúil, ildánach agus ildaite i láthair don Oíche Chultúir. Ceol, siamsaíocht agus ealaín comhaimseartha a tharraingníonn as tobar an traidisiúin. Beo agus bríomhar, is é an Cabaret an áit a thagann an sean agus an nua le chéile; an áit bhíonn an sean-nós fite fuaite leis na nósanna nua!

**Club Amhránaíochta le Tionscnamh Lugh**
*Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair. 10.00 i.n.*
Is cruinniú neamhfhoirmeálta amhránaithe é an Club Amhránaíochta. Éist le hamhráin ar an tsean-nós, amhránaithe traidisiúnta agus amhráin as traidisiúin eile. Cuirtear fáilte is céad roimh amhránaithe nó éisteoirí.

**Cruinniú na mBard blaiseadh den fhilíocht Gaeilge**
*Dámhlann na Ghleanna, Mín an Leagha, Gort a Choirce. 8.00 i.n. ar aghaidh.*
Léamh filíochta le cuid de na mórfhilí a foilsíodh san eagrán Gaelach den iris cáiliúil, 'The Irish Pages'. Beidh deis do scríbhneoirí a bheith páirteach i gceardlann scríbhneoireachta. nó turas a thabhairt ar an Dámhlann.

**Ceol traidisiúnta, amhránaíocht agus scéalaíocht**
*Oideas Gael Gleann Cholm Cille, 8.00 i.n. – 11.00 i.n.*
Blaiseadh de chultúr Gaelach Iardheisceart Dhún na nGall. Scoth den cheol traidisiúnta, den amhránaíocht agus den scéalaíocht.

**Ionaid Ealaíne agus Gailearaithe oscailte le linn an Oíche Chultúir:**
**Ionad Bhalor – Ionad Ceardaíochta & Ealaíon,**
*Oileán Thoraí*
Beidh an t-ionad oscailte ó 7.00 i.n. go dtí meánoíche le sóláistí curtha ar fáil.
Eolas: Marjorie Carroll 087-2280310
ionadbhalor@live.com
www.ionadbhalor.com

**An Clachán, Dánlann, ceardlanna agus Ionad ealaíne, Gaoth Dobhair**
*Ar oscailt 7 i.n. – 11.00 i.n.*
Deis cuairt a thabhairt ar na stiúideóanna agus na ceardlanna agus amharc ar na healaíontóirí agus iad i mbun oibre.
Eolas: 074 9560091
Ríomhphost: eolas@anclachan.ie
www.anclachan.ie

**Cló. Barrionad físealaíne, Mín a Leá, Gort a' Choirce.**
*Oscailte ó 8.00 i.n - 11.00 i.n*
Barrionad físealaíne agus ceardlanna é Cló a dhíríonn ar an chlódóireachta agus ar fhísealaíona na meán. Tugtar deis d'fhísealaíontóirí saothar ildánach a chruthú san ionad.
Eolas: Cló Ceardlann na gCnoc, Mín a Leá, Gort a' Choirce.
Teil: 074 9162800.
cloceardlann@eircom.net
Suíomh Idirlín: www.clo.ie

**An Gailearaí, Ceardlann na gCroisbhealach, An Fál Carrach.**
*Oscailte ó 8.00 i.n go meán oíche.*
Deis cuairt ar ghailearaí proifisiúnta ina gcuirtear dearcealaín chomhaimseartha den chéad scoth ar taispeántas don phobal.
Eolas: Úna Campbell, An Gailearaí, Ceardlann na gCroisbhealach, An Fál Carrach. Tel: 074 9165594.
ceardlann@eircom.net
www.angailearai.com

**Siopa Leabhar agus Ionad Ealaíne- An Currach. Mullach Dubh, na Rossan**
*Oscailte ón 9.00 i.n.*
Deis cuairt a thabhairt ar an siopa agus gailearaí beag álainn.

**RTÉ Raidió na Gaeltachta**
7.00 i.n – 9.00 i.n: Clár speisialta léirithe ag RTÉ Raidió na Gaeltachta don Oíche Chultúir. Léargas ar shaibhreas cultúrtha na Gaeltachta le seod na nEalaíon ó chartlann RnaG.

3.00 – 5.00 Rónán Beo. Clár spleodrach a dhéanfaidh plé ilghnéitheach ar chúrsaí ealaíne sa Ghaeltacht agus a bheidh mar cheiliúradh ar na healaíona sa Ghaeltacht mar aon leis

# *Ar an trá fholamh*

Tá capaill rása mo shamhlaíochta
Ag éalú uaim.
Siúd iad ag sodar ar bharr na dtonn
's mise ar bhruach an chladaigh,
Ag súil lena nglórtha ar an ghaoth.
Ach ní chluinim ach fuaim na mara
's ní fheicim ach scáthchruth na Mic Ua gCorra
ag bun na spéire idir mé 's an léas.

Iarraim achainí ar an mhaighdean mhara
Na capaill a cheapadh 's a thabhairt ar ais
Nuair a bhuaileann macalla bun na mbeann,
tiontaím, ag súil go bhfeicfinn iad
Ag teacht ar chos in airde i m'airicis,
A moingeanna ag séideadh sa ghaoth,
Ach níl ann ach scaoth d'fhaoileáin gheala
ag screadaí go huaigneach os mo chionn.

Nuair a chasann an taoide,
tugaim m'aghaidh ar an bhaile
suas an seanbhealach
fríd Mhachaire Chlochair
Go bruach abhainn na Cláidí
's mé 'guí go mbeidh na capaill úd sa bhaile romham.

*Máire Wren*



***Cabaret leictreach:*** *Cristín Nic Ruairí, Toraigh, agus Doimnic Mac Giolla Bhríde, An Charraic, ag baint suilt as an Chabaret Craiceáilte a reáchtáladh sa Phuball Gaelach ag féile an Electric Picnic ar na mallaibh.*

**Fáiltíonn Goitse roimh scéalta nuachta, grianghraif agus scríbhneoireacht chruthaitheach ón phobal. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag goitsenuacht@gmail.com**



*Bíonn scéalta brónacha agus dea-scéalta mar chuid de ghnáthshaol an fheirmeora mar a mhíníonn Bee na mBuatais i mblag na míosa seo.*



# Blag na mBuataisí

Ar an blag dearnach bhí scealtaí agam faoi bainbh úra ag teacht ar an tsaol, scéalta maithe, ach le scealtai maithe ar an fheirm, bionn scéaltai brónacha fosta. An Samhain seo caite cheannaigh muid searrach beag ceithre mhí d'aois, ní raibh máthair s'aicí ag amharc ina diaidh go ró-mhaith agus mar sin glac mé trua uirthi agus cheannaigh muid í, cé nach raibh go leor spáis againn fá choinne capaill eile. Ach ar an droch uair fuair sí cic ó cheann de na beathai eile. Cé go raibh sin olc, duirt an treadlaithe le ham, go mbeadh sí go breá, ach ansin fuair sí greamaithe suas in éadan an bhalla sa stábla agus ghortaigh sí an chos eile, bheul ansin bhi agam m'intinn a dheanamh suas le í a chuir síos, í a chuir ina codladh, mar bhí sí ina luí agus ní raibh sí ábalta éirí. Bhris sé mo chroí, agus tá a fhios agam duine ar bith amuigh ansin a chuir madadh nó cat nó peata ar bith eile ina chodladh, go mbeidh a fhios acu caidé a bhfuil sé cosúil leis. Ach sin an saol, go speisialta ar an fheirm.

Bás ar taobh amahin agus breith ar an taobh eile, bhí beirt banbh ag Mama Sue, muc den déanamh Saddleback, bhi cúigear eile aicí ach tháinig said ar an tsaol marbh, droch scéal duinne mar tá muid ag breith ar na bainbh fá choinne airgead a thabhairt isteach le díol ar son bia agus gach rud eile. Ach tá saol ar an feirm cosuil leis an fharraige, tig na tonnta isteach agus téann said amach aris. Agus ansin bhi cúigear banbh ag Roisin an mhuc den déanamh Tamworth mar sin tá an teach lán. Faoi láthair tá chóir a bheith fiche muc againn, idir bainbh agus cráin, téann muid frid mala iomlán bia gach lá, gan a bheith caint ar bhia fá choinne an eanlaith uilig, na gabhair agus na beathai. Sin an fáth gur droch scéala é nuair nach mbionn breith mhaith ag cráin, ach gan mhioll beidh muid ag diol léir de na bainbh den déanamh Tamworth agus na bainbh eile.

Ach tá an polytunnel lán de ghlasrai, agus tá muid á usaid gach lá fá choinne lóin agus dinnéir, agus sábhálann sin cuid mhór airgid dúinn. Nil a dhath chomh deas le gabhail amach agus roinnt glasrai agus luibheanna a phiocadh, uibheacha ó na cearca agus cáis ó na gabhar a úsáid fá choinne béile blasta a dhéanamh. Tá mé ag déanamh a leir aráin le tamall fosta agus caithfidh mé a rá go bhfiul sé iontach furast a dhéanamh, mar le tamall tá mé ag léamh léir scéalta faoi an arán a cheanaíonn muid sna siopai agus na rudai a chuireann siad isteach i mbollóg aráin le é a choinneáil úr ar feadh seachtaine nó nios mó.

Is maith an rud é go bhfuil mé ar laetha saoire mar tá mé 'flat out' ag déanamh seantaí agus pickles, agus ag sábháil an fhómhair - glasraí a thógann muid achan chupla lá. Ta stór mór againn anois de phónairí agus de ghlasrai eile leasaithe ar a léir mór dóigheanna. Ar an droch uair is cosúil go bhfuil meath ar na pratai, d'aithin muid go raibh na duilleoga ag éirí donn agus sin comhartha amháin go bhfuil an meath ag fáil greim orthu, mar nach bhfuil muid ag iarraidh ceimicí ar bith a chur ar chuid bia s'againn, ghearr muid na gais ag déanamh go cuirfidh seo smacht ar an aicid. Ach nior obair seo agus faoi láthair tá muid ag togail na bprátai uilig agus á dtroimu fá choinne iad a chur isteach i málaí. Tá súil againn go n'obraíonn seo mar má chaileann muid na prátaí i mbiaina, sin cailliúint mhor. Ach d'fhoghlaim muid agus amach as seo tá cinneadh déanta againn le 'blight resistant potatoes' a cheannacht isteach an bhliain seo chugainn fá choinne pór prátai.

Leis an oiread seo glasrai a bheith fásta, caithfidh muid a léir ama a chaitheamh ag obair ar an talamh. Bíonn a leir peisteanna gnóthach an t-am seo den bhliain ag cuartú 'fómhar' s'acu féin, agus leis an aimsear seo tá a léir peisteanna beaga amuigh le málaí siopadoireachta ag cuartú Tesco no Aldi s'againne frid na páirceanna. Mar a dúirt mé, nil muid ag iarraidh spraeanna nó ceimicí a chur ar ár gcuid bia agus mar sin tuigeann muid go mbíonn se deacair na peisteanna seo a choinneáil ar shiúl. Bíonn na cearca agus na lachain maith mar arm beag in éadan na pesiteanna seo, tá an péist cháil mar a gourmet dinnéar do na cearca agus is maith leo a bheith ag siúl frid an cál ag ithe iad. Tá na lachann maith fa choinne na drúchtíní fosta.



*Is breá leis an phéist cháil glasraí na feirme ach déanann na cearca agus lachain a ndinnéar gourmet féin de na péiste céanna.*



## Is maith an t-anlann maonáis baile!

*Rud amahain faoi fomhair maith bia seo ná eireoínn tu millteanach airgtheach ar an dóigh a mbionn tu ag cócaireacht glasraí, tá a léir cúirséaid againn agus le seo tá anraith, subh, fritters, pickles agus seatnaí déanta de na glasraí beag ilúsáideacha seo, gan a bheith caint ar na cúirseaid níos mó a lionadh le feoil agus barr anlánn cháis a chuir orthu. Tá a léir duilleoga sailéid againn fosta agus is deas an rud do chuid maonáis a dheanamh as do chuid uibheacha, gairleog agus luibheanna féin. Bíonn daoine ag deanamh go bhfuil maonáis deacair a dhéanamh ach níl; an t-aon rud ná caithfidh tú do am a glacadh an ola a doirteadh isteach. Seo an t-oideas má tá suim agat do chuid fhéin a dhéanamh agus inseoidh mé seo duit, nuair a bhlaisfidh tú do chuid féin beidh sé deacair dul ar ais go dti maonáis an tsiopa.*

Fa choinne leath pionta maonáis a dhéanamh:

**Dhá buíochán ubh rudai organach no saor raoin**
**Ceathrú (¼) taespúnóg de mhustart na Fraince**
**Ceathrú (¼) taespúnóg salainn**
**Dhá thaespúnóg fínéagar fíon bán**
**175ml ola lus na gréine**
**50ml ola olóige**

Cuir na buíocháin isteach i mbabhla leis an mhustart, salainn agus an fínéagar fíon ban. Tomhais an ola isteach i crúiscín. Ansin sa bhabhla greadtar iad le cheile agus GO MALL lig isteach sileán beag den ola isteach giota ar ghiota agus gan mhoill tchífidh tú go bhfuil an meascú ag éirí tiubh, coinnigh ag doirteadh an ola isteach comh mall, ná bí ag déanamh go dtig leat an ola a chur isteach gasta mar scoilteann sé seo an t-anlann agus bíonn do chuid maonáis gan usaid. Níl na buíocháin ábalta ola a glachadh isteach ach go mall, mar sin glac do am. Coinnigh ar aghaidh mar seo go dti go mbíonn an ola uilig buailte isteach sa bhabhla agat, blas an maonáis agus cuir isteach tuilleadh salainn no fínéagar má shíleann tú go bfuil sé de dhith ar an mhaonáis.

Nuair atá sé déanta agat thig leat gairleog nó luibheanna no púdar curia a chuir isteach fríd, nó rud ar bith eile ata tú ag iarraidh, is leatsa an maonáis agus mar sin cuir do stampa fhéin air. Mar a duirt mé tá sé furast a dhéanamh, go speisialta má úsáideann tú próiseálaí bia. Glac do am, tchfidh tu difríocht mhilteannach idir an dath atá ar do chuid maonáis fhein (buí galánta) agus an cheann a cheanaíonn tu sa tsiopa (bán).

***–Bee na mBuatais***

## Sna Réalta

### An tUisceadóir
Eanáir 21 - Feabhra 19

Níl mórán níos measa chun déistin agus corraí a chur ar dhuine ná nuair a ghreamaínn píosa de ghuma coganta da éadach. Ná caill an ráig má tharlaionn seo duitsa agus úsáid oighir le do chulaith a chlanadh.

### An tIasc
Feabhra 20 - Márta 20

Tiocfaidh mion athrú beag bideach ar do mheon amach anseo. Tá seans go mbeidh an tionchar da bharr suntasach go maith; ar chúrsaí áirithe i do shaol cíbe.

### An Reithe
Márta 21 - Aibreán 20

Tá rogha romhat. Clacadh le roinnt cruatan anois agus seal solais a bheith agat níos moille nó ceachtar ach saol measartha ar feidh tréimse; an gnáth rud, gan buaic nó nadir.

### An Tarbh
Aibreán 21 - Bealtaine 21

Níl ach rud amháin ar d intinn na laetha seo. Agus leis an samhradh ag sleanamh isteach san fhómhair tá brú ama curtha ort. Bain usaid as gach deis a thagann romhat.

### An Cúpla
Bealtaine 22 - Meitheamh 21

Is dóiche ná thug tú féin faoi deara ach le gairid tá an méid de drochbheasaí atá agat ag ardú. Níl gá le comhairle anseo.

### An Portán
Meitheamh 22 - Iúil 22

An crá agus an gruaim!
Ní hí 'la dolce vita' atá amach romhatsa, a phortáin. Is ort féin atá an locht, afach. Nach i do lámhsa atá an stiúir.

### An Leon
Iúil 23 - Lúnasa 23

An mhí seo, má chaitheann tú do chuid maoine féin ar phleisiúr do chomradaithe, sin airgead deá-chaite. Ach bí eolach cé hiad na fíor chaired.

### An Mhaighdean
Lúnasa 24 - Meán Fómhair 22

Caseoidh tú le duine nach fhaca tú le fada an lá. Seo duine a shíl tú nach bhfeicfá arís chóiche. Thánaig athrú ar dhuine agaibh áfach. An cheist: an tusa atá iompaithe.

### An Mheá
Meán Fómhair 23 - Deir. Fómhair 23

Seachain an cabhsa tromchosaithe; bíonn sé lán de phoill. Téigh ar an bealach neamhchoiteanta, nó, níos fearr arís, fág na bóithre go hiomlán is imigh ar fánaíocht ar do chúrsa féin.

### An Scairp
Deireadh Fómhair 24 - Samhain 22

An bhfuil locht ar do chóras?
Roimh deireadh na míosa tiocfaidh modh oibre ceart chugat i mbrionglóid.
Bí réidh chun é a chur i bhfeidhm láithreach.

### An Saighdeoir
Samhain 23 - Nollaig 21

N'fheadar conas a ní tú é seo ach tá an bua agat gach míbhuntaiste a iompú ina sórud. B'fheidir gur choir duit do chleas a mhúiniú don Phortán.


### An Gabhar
Nollaig 22 - Eanáir 20

Tiocfaidh cara chugat ag nochtadh mór-rún da gcuid leat. An tusa an pearsa cuí le cur ar an eolas rúnda seo. Coinnigh cuimhne nach scéal ruin é ó tá a fhios ag triúr é.

# Campa Samhraidh na Crannóige

D'fhreastal scaifte mór ar na Campaí Samhraidh a d'eagraigh Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair sa Chrannóg le cúpla mí anuas. Ocht seachtainí a mhair an campa a reáchtáladh go hiomlán trí Ghaeilge. Cuireadh béim ar cheol is ar chultúr le linn an champa samhraidh mar aon le craic agus spraoi mar a fheictear sna grianghrafanna seo a tógadh ag an Champa.























# An Naoscach

## le Nóra Chit



Caoirigh Texel: *gearrfaidh siad an lawn agus cuirfidh siad bainne, iógart agus cáis ar an tábla!*

“*Lawns*” adúirt Micí Bheil Fheidhlimidh lá, nuair a bhí mé ag tabhairt siob ’na bhaile dó fríd Rann na Feirste. Ba leor an focal sin le h-inse nár mhó ná sásta a bhí Micí Bheil leis an chor a ghlac an saol. “Tá caoirigh againne le sin a dhéanamh, Granny”, adúirt m’iníon in aois a trí bliana, ag amharc ar mo mháthair ag cur allais ag sodar thar *lawn* i ndiaidh meaisín bearrtha.

Bhuel, nach ait an mac an tsaol. Tá mise i mo mháthair mhór anois, ag caitheamh ama, airgid agus allais ag coinneáil *lawn*: an t-aer á thruailliú le peitreal, an t-uisce le nítróigéin ón leas, agus ciúnas an tráthnóna réabtha ag trup an mheaisín. Agus — ’sé mo mhór-urchóir é — ní túisce do bhláthanna bheaga a fhás fríd an fhéar nó tá siad bainte — nóiníní, léinte mhuire, caisearbháin, oircidí, cuid acu atá ag imeacht de thalamh an domhain, an bainne bó bleachtnáin eatartha, agus nach mbeidh a leithéidí arís ann.

Níos measa fós, bíonn nimh á chaitheamh ar na lawns, le lustram agus feadhacha a mharú. Agus caidé a dhéantar leis an fhéar costasach seo nuair atá sé bainte, ach é a chaitheamh sa díog le lóbhadh. Ní bheathaíonn sé ainmhí ná ní leasaíonn sé talamh. Ábhar machnaimh inniu, nuair atá muid san áit a bhfuil muid de thairbhe cur amú.

’Sé is mó a smaointím orthu, 'sé is lú feidhm a fheicim leo. Ar a laghad go dtí seo thug siad obair fholláin amuigh faoin spéir do ghlún atá ró-thugtha don tolg agus don teilifís. Ach anois tá na lawns ag éirí níos mó agus níos mó, agus tá daoine ag marcaíocht thart ar tharrthóirí beaga le iad a bhearradh. Táthar ag athrú an tír-dhreach fosta leis an raidhse JCBs atá ’na luí thart díomhaoin: an t-ard á leagan agus an lug á líonadh le spás comh leamh le bratóg níocháin a chruthú. Cad as a fuair muid an faisean seo, in ainm dé?

Bhí mé ar saoire ar oileán beag le gairid, áit nach raibh lawn le feiceáil nó solas sráide buí, ach caoirigh ar innilt ins na garrantaí agus ar an chaoráin, agus dorchadas beannaithe san oíche. Chuala mé faobhar á chur ar speal le cloch:

*Binn an fhuaim*
*San Earrach thiar*,

mar adúirt Ó Direáin agus é ag croithniú saol na tuaithe; agus rith sé chugam nach saol tuaithe atá againn anseo níos mó ná sna fo-chathracha i mBaile Átha Cliath lena ‘scorched suburban grass’ (cursíos de chuid Thomas Kinsella) Sa lóistín ’na raibh mé bíonn siad ag blí caorach, den chineál Texel, sílim, agus bhí a mbainne siúd agus an iógurt agus an cháis a rinne siad as níos séimhe agus níos blasta ná cuid na mbó, nó rud ar bith a cheannófá i siopa, agus bhí na glasraí uilig ann díreach óna ngarrántaí.

D’fhág mé an t-oileán le fís: cúpla caorach ar innilt ar mo *lawn*, a mbainne i mo chuid tae, an iógurt ar mo bhrachán agus an cháis ar mo chuid aráin, agus an lá ann go ndéarfainn le daoine ag obair ar a lawns : “Tá caoirigh agam le sin a dhéanamh”.

**Nóra Chit**




### Imeachtaí Shóisialta

**Céiliúradh don tAthair Mac Suibhne**
Beidh Bronnadh agus oíche Cheiliúrtha in onóir don Ath. Mac Suibhne ar siúl 17ú Mean Fomhair @ 9 p.m. in Ostan Ghaoth Dobhair. Fáilte romhaibh uilig.

**Scannán**
Beidh an scannán Growing Together ar taispeáint i Halla Anagaire Dé hAoine 17 Meán Fómhair. Tá an scannán faoin ghairneoireacht agus faoi phobail inbhuanaithe. Seo seans ag duine ar bith a bhfuil suim acu ina gcuid glasraí féin a fhás agus a bpobal a choinneáil ag gabháil scannán a fheiceáil agus éisteacht le saineolaithe as an tír seo agus as thar lear ag caint ar na tograí éagsúla ata ag tarlú ar fud na cruinne. Tá an oíche saor in aisce agus beidh bia agus ceol ar fáil i ndiaidh an scannáin. Tuilleadh eolais ó Mhícheál Cholm Mac Giolla Easbuig (0868845476)

### Cúrsaí

**Cúrsa Gaeilge** Beidh Cúrsa Gaeilge TEG ( Teastas Eorpach na Gaeilge) á reáchtáil ag Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ar feadh 20 seachtaine ag toiseacht ag tús mhí Dheireadh Fómhair.

### Ranganna

**Damhsa Gaelach**
Dé Luain 6.00 i.n,
**Yoga Ashtanga**
Dé Luain 6.45 i.n.
**Ranganna Giotáir** ag toiseacht Dé Luain 13 Meán Fómhair 6.00 i.n.

**Fit Kidz** ag toiseacht arís Dé Céadaoin 15 Meán Fómhair 6p.m.
Eolas: Máire ag 074 9532949 nó ionadnp@eircom.net
Ionad Naomh Pádraig – www.ionadnp.ie

**Ranganna Uirlisí Ceoil** ag toiseacht sa Chrannóg 20 Meán Fómhair. Tuilleadh Eolais: (074) 9532208

### De Dhíth

**Teach (le ½ - 1 acra talaimh)** sna Rosa, i nGaoth Dobhair nó i gCloich Cheannfhaola, le ceannacht go príobháideach. Caithfidh seirbhísí uisce, leictreachais agus bealach a bheith ann.
Déan teagmháil le Deirdre ar 00447969759657.

### Ar Díol

**Díthaisire** (dehumidifier).
Ag oibriú go maith.
Ar díol ar an phraghas is fearr a thig linn fáil.
Glaoigh 0868476862


*Más mian leat seaneagráin de Ghoitse a cheannacht déan teagmháil le goitsenuacht@gmail.com*




**Busanna Uí Ghallchóir**
**Patrick Gallagher Coaches**
*Seirbhís laethúil idir Anagaire agus Béal Feirste*




info@gallagherscoaches.com
00353 (0)74 9531107
00353 (0) 87 2330888 / 2245848
Fax: 00353 (0)74 9532873
www.gallagherscoaches.com

**Glac fógra le Goitse**
*Rátaí fograíochta an-réasúnta ar fáil ach teagmháil a dhéanamh linn ag goitsenuacht@gmail.com*
**Tacaigh le do nuachtán áitiúil!**

# Raidió

## Rónán Beo agus a chriú ar ais ar na haertonnta




### Rónán Beo @3

*3pm Máirt go hAoine*
*Raidió na Gaeltachta*


Tá Rónán Mac Aodha Bhuí as Cois Cláidí agus foireann Rónán Beo @3 ar ais ar an aer tar éis saoire an tsamhraidh. Tá an clár á craoladh beo ó stiúideó Dhoirí Beaga 3pm - 5 pm, Máirt go hAoine. D'fhéadfadh rud ar bith tarlú ar an chlár seo agus Rónán agus a Micheál Mac Aoidh as Inis Bó Finne ag caint is ag comhrá le Rónán.

Ná déanaigí dearmad ach an oiread ar Mhary Aggie a bhíonn le cloisteáil achan Aoine.

Rónán Mac Aodha Bhuí as Cois Cláidí, bunaitheoir agus Ard Rí ar an Chiorcal Chraiceáilte, a chuireann an clár i láthair agus is é Dónall Mac Ruairí as Rann na Feirste léiritheoir an chláir.



**Barrscéalta i nGleann Cholm Cille:** *An tAthair Séamas Mac Duibhir ag caint le hoibrí óg i nGleann Cholm Cille*



### Thar Toinn

*Dé Domhnaigh 12 Meán Fómhair 10.30 am Raidió na Gaeltachta*

Sa tsraith úr seo tabharfaidh Tomás Mac Con Iomaire cuairt ar chuid d'oileáin na hÉireann go bhfeicfidh sé conas mar atá an saol ann sa 21ú hAois. Inniu, tabharfaidh Tomás a aghaidh ar Thoraigh na dTonn amach ó chósta Dhún na nGall agus labharfaidh sé le muintir an oileáin faoi chuid den stair agus den seanchas a bhaineann le Toraigh, agus faoi na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le saol an oileánaigh sa bhliain 2010.

### Barrscéalta

*Dé Máirt 14 Meán Fómhair*
*11.02 am Raidió na Gaeltachta,*

Inniu craolfar an clár beo ó Oideas Gael i nGleann Cholmcille ar ocáid 100 bliain ó saolaíodh an tAthair Séamus Mac Duibhir a rugadh i gCill Riain sna Gleanntaí i 1910. Ba cheannródaí é a tharraing aird na tíre ar pharóiste Ghleann Cholm Cille áit ar chaith sé cuig bliana déag agus fiche mar shagart. Bhunaigh sé go leor tograí san Iardheisceart, cuid atá ag feidhmiú go fóill, le stop a chur le taoide an imirce. Ina measc sin a raibh aithne acu air agus a bheidh le cluinstin ar an chlár beidh Liam Ó Cuinneagain ó Oideas Gael agus sagart paróiste Chill Chartha an tAthair Éamonn Ó Gallchóir a chaith cuig bliana ina chuideachta sa Ghleann.

### Barrscéalta

*Dé hAoine 17 Meán Fómhair*
*11.02 am Raidió na Gaeltachta*

Clár speisialta ar an Athair Mícheál Mac Suibhne a d'éirigh as a chuid dualgaisí mar shagart paróiste i nGaoth Dobhair ar na mallaibh.




*An tAthair Micheál Mac Suibhne, iarshagart paróiste Ghaoth Dobhair*

# Teilifís

### Cumann a' Gháire – The Laughter Club

*11/09/10 23.40*

I 2004, tháinig Gúrú an Gháire, an Dochtúir Madan Kataria as an India, chuig Gaeltacht Dhún na nGall. Bhunaigh an Dochtúir Kataria club gáire idirnáisiúnta agus tháinig sé go hÉirinn chun club gáire a bhunú anseo. D'eagraigh sé ceardlann dheireadh seachtaine i Chroithlí ar ar fhreastail Hugh Beag Ó Duibheannaigh agus Stiofán Ó Dónaill. Tugtar léargas sa chlár seo ar na modhanna neamhghnácha a úsáideann an Dochtúir chun gáire a bhaint as duine. Bhunaigh sé an cumann gáire seo chun go dtuigfeadh daoine go bhfuil an gáire maith do do shláinte.



**Dochtúir Áthais:** *An Dr Madan Kataria*



**Meon na mBan:** *Beidh an láithreoir teilifíse Bláthnaid Ní Dhonnchadha ag trácht ar mhórcheisteanna bhantracht na linne seo*

### Meon na mBan

*Dé Céadaoin 22 Meán Fómhair 8.30pm TG4*

Sraith nua den chlár a thugann faoi fhreagra a thabhairt ar cheist a bhíonn ag cur as d'fhir an domhain – caidé a bhíonn in intinn na mban?


Tugann an tsraith seo an deis do roinnt daoine aitheanta, mná is mó ach roinnt fear freisin, an cheist sin a chíoradh.

Tráchtfaidh na mná seo, ina measc Bláthnaid Ní Chofaigh, Anna Nolan, Róisín Ní Thomáin, Sinéad Desmond, Evelyn O'Rourke, Amanda Brunker, Bláthnaid Ní Dhonnchadha agus Dearbhla Lennon ar na mór-cheisteanna atá ag luí go trom ar mhná an lae inniu – Airgead, Páistí, Grá, Aiste Bhia, Aclaíocht, Reiligiún, Faisean agus Rúin.

Cuirfidh cuid de na nithe a chuireann imní orthu iontas ort ach bainfidh tú sult as an acmhainn ghrinn a léiríonn na mná seo agus iad i ngleic leis an tsaol casta, mór-bhrú atá ag go leor de bhantracht na linne seo.

Coinneoidh Dáithí Ó Sé, Conall Ó Máirtín agus Paul Martin cothromaíocht éigin ann do na fir agus roinnfidh siad linn a léargas féin ar na mná agus ar na ceisteanna a bhíonn ag déanamh buartha dóibh.

Chomh maith leis na hagallaimh le mná aitheanta, léireofar roinnt scéalta ó shaol ban nach bhfuil cáiliúil freisin, ina measc bean ar éirigh léi leath a meáchan coirp a chailleadh in imeacht bliana go leith, bean eile a thug cúl dá haindúil heroin agus ceoltóir a d'aimsigh modh spioradálta nua a d'athraigh a saol ó bhun.



### GAA Beo

*Dé Domhnaigh 19 Meán Fómhair 7pm TG4*

Iomlán na himeartha ó Chluiche Ceannais Peil Shinsear na hÉireann.

*26 Meán Fómhair 12pm TG4*

Beochraoladh ó Pháirc an Chrócaigh ar Chluichí Ceannais na hÉireann i gCraobhacha TG4 i bPeil na mBan: Sóisir (12pm), Idir-mheánach (2pm) agus Sinsear (4pm).



# An Crann Óg in Ionad Cois Locha



Bhí Ionad Cois Locha, i nDún Lúiche, lán go doras do cheolchoirm An Crann Óg ar an 26 Lúnasa.

Cúis bróid don cheantar an cur i láthair ghairmiúil agus cóiriú ceoil iontach snasta a bhí ag na hógánaigh.

Ar an oíche fosta bhronn An Crann Óg seic €4,500 ar charthannachtaí áitiúla.





# Spórt

goitsenuacht@gmail.com

# Séasúr úr sacair toisithe

Beidh an ceithre chlub sa cheantar seo ag súil le déanamh go maith sa tséasúr úr sacair atá toisithe le gairid.

Beidh Ceiltigh Ghaoth Dobhair, a bhain Corn Brian McCormick anuraidh, ag amharc ar an tséasúr úr seo agus fios acu gur choinnigh siad an scuad céanna, a bheag ná a mhór, agus gur éirigh leo cúpla imreoir óg a thabhairt leo ó na foirne óga. Nuair atá leithéidí Éamonn Cannon, Pól Rua Mac Giolla Bhríde agus Micí McKelvey ar do thaobh agat, bíonn a fhios agat go mbeidh tú san iomaíocht ag deireadh an tséasúir.

Beidh Gleann Átha Aontaithe ag brath ar Kevin Mulhern i lár na páirce agus ar Ciarán (Geordie) Mac Pháidín agus níl dabht ar bith ann ach go mbeidh seans acu fosta.

Ó fuair Gaoth Dobhair Aontaithe Brendan Devenney agus Brian McLaughlin ó scuad CLG Dhún na nGall le dul isteach le macasamhail Joe Ó Gallchóir, beidh súil acu an Phríomh-roinn a thabhairt leo, ach caithfidh siad aire a thabhairt do na foirne eile as an cheantar mar beidh go leor cluichí "dearbaí" ann.

Bhí droch-ádh ar Dhún Lúiche anuraidh nuair a cuireadh síos iad ón Phríomh-roinn ach ní fhanfaidh siad sa Chéad Roinn i bhfad nuair a tá clann Uí Chanainn ag imirt go maith.

Tá Ceiltigh Ghaoth Dobhair fríd go dtí babhta leathcheannais Chorn Brian McCormick arís i mbliana cheana féin ach, ar ndóigh ní tharlóidh an babhta sin go dtí deireadh an tséasúir.



***Ceiltigh Ghaoth Dobhair:*** *imithe fríd go dtí an babhta leathcheannais Chorn Bhrian McCormick*



***Gaoth Dobhair Aontaithe***

**Seol do chuid scéalta spórt agus grianghraif chuig goitsenuacht@gmail.com**






Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí 087-2734035